## Fógra faoi Rún Tabhairt faoi Scrúdú ar Théarmaí agus Coinníollacha san Earnáil Seandálaíochta Tráchtála de bhun alt 15 den Acht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2015

I ndiaidh don Chúirt Oibreachais ("an Chúirt") iarratas a fháil ó cheardchumann oibrithe chun tabhairt faoi scrúdú ar théarmaí agus coinníollacha le haghaidh 'Oibrithe Seandálaíochta Tráchtála Neamhcheadúnaithe' (.i. oibrithe seandálaíochta nach bhfuil incháilithe do cheadúnas) san earnáil seandálaíocht tráchtála agus tar éis di í féin a shásamh maidir leis an gcáipéisíocht maidir le halt 15(1)(a)–(d) den Acht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2015, ("an tAcht") agus le haird ar fhorálacha Alt 15(2) agus (3) den Acht, tugann an Chúirt fógra leis seo dá rún tabhairt faoi scrúdú ar théarmaí agus coinníollacha a bhaineann le luach saothair agus aon scéim pá breoiteachta nó scéim pinsin i dtaobh oibrithe aicme, cineáil nó grúpa ar leith agus a bhfostóirí san earnáil gheilleagrach a deirtear san iarratas a bhaineann leis; is é sin, an earnáil seandálaíochta tráchtála.

D'fhéadfadh moladh teacht ón gCúirt de bharr an scrúdaithe sin go ndéanfadh an tAire Ordú Fostaíochta Earnála faoi Alt 17 den Acht. D'fhéadfadh Ordú dá leithéid foráil d'íostéarmaí agus íoschoinníollacha fostaíochta san earnáil a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm le dlí.

Sula ndéanann sí moladh, ceanglaítear ar an gCúirt aird a thabhairt ar ábhair a leagtar amach in alt 16(2)(a) go (e) den Acht. De réir alt 16(4) den Acht, ní dhéanfaidh an Chúirt moladh mura bhfuil sí sásta go ndéanfadh amhlaidh:

(a) dea-chaidreamh a chur chun cinn idir oibrithe agus fostóirí agus cabhrú le míshuaimhneas tionsclaíoch a sheachaint san earnáil gheilleagrach lena mbaineann, agus

(b) go bhfuil is gá leis le réasún chun

  (i) ardchaighdeáin oiliúna agus cáilíochta a chur chun cinn agus a chothú, agus

  (ii) rátaí luacha saothair cothroma agus inbhuanaithe a chinntiú, san earnáil eacnamaíoch lena mbaineann.

De réir alt 15(3) den Acht, féadfaidh aon pháirtithe leasmhara ar mian leo uiríll a dhéanamh i bhfoirm aighneachta i scríbhinn maidir leis an scrúdú sin a dhéanamh faoina, tráth nach déanaí ná 28 lá i ndiaidh an fhógra seo, faoi **5.00 i.n.** ar an **4ú Márta 2026.** Ní bhreithneofar uiríll a fhaightear i ndiaidh an dáta sin.

**Ba cheart uiríll a sheoladh tríd an bpost chuig An Rúnaí, An Chúirt Oibreachais, Bóthar Lansdún, Baile Átha Cliath 4, nó ar ríomhphost go secretariat@labourcourt.ie**

Ba cheart d'uiríll a chuirtear mar **aighneacht i scríbhinn aghaidh a thabhairt ar na hábhair a leagtar amach in alt 16 den Acht** anuas ar aon uiríll eile ba mhaith leis an bpáirtí a dhéanamh.

D'fhéadfadh an Chúirt, i ndiaidh aighneachtaí a fháil, cinneadh a dhéanamh éisteacht a thionól do pháirtithe ar léir don Chúirt a bhfuil spéis acu ann agus ar mian leo tuairimí a chur in iúl.

Tá iarratas Alt 14 agus an comhfhreagras agus an cháipéisíocht lena mbaineann ar fáil ar shuíomh na Cúirte ag www.labourcourt.ie.

Tabhair faoi deara go bhfuil sé i gceist ag an gCúirt na haighneachtaí i scríbhinn ar fad a fhaightear a fhoilsiú ar a shuíomh, www.labourcourt.ie, agus gur cheart do pháirtithe a dhéanann aighneachtaí a chinntiú go gcloíonn an t-ábhar ar fad a chuirtear isteach leis an reachtaíocht rialála ábhartha ar fad, an reachtaíocht um Chosaint Sonraí ina measc.

Seachtain 26x2 83mm GF